# IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908
# ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929
# UNIVERSITIES ACT, 1997

## OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

## REACHT CCCLXXVIII



* National University of Ireland Galway remains the legal name of the University; however, the University's trading name changed to University of Galway on September 1st, 2022

## National University of Ireland, Galway/*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

## STATUTE CCCLXXVIII /*REACHT* CCCLXXVIII

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhacht sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this Day of, the twenty sixth of October, Two Thousand and Twenty Two./*Ar na thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an lá seo, an séú lá fichead déag de mhí Dheireadh Fómhair, Dhá Mhíle agus Fiche a Dó.*

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:
*I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:*

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*

**Schedule – STATUTE CCCLXXVIII/*Sceideal – REACHT CCCLXXVIII***

All previous Statutes of National University of Ireland, Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth./*Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.*



* National University of Ireland Galway remains the legal name of the University; however, the University’s trading name changed to University of Galway on September 1st, 2022

## CHAPTER I

### ELECTION OF MEMBERS OF THE SENATE OF THE NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND

Statute CCLXXV, Chapter I, Sections 2 - 13 are hereby amended by the substitution of the following Sections for the Sections above named therein:

1. The election by the University, in accordance with the provisions of Section 45 of the Universities Act, 1997, of four persons as members of the Senate of the National University of Ireland shall take place at a meeting of Údarás na hOllscoile on a date appointed by the President which shall be not more than four weeks, nor less than two weeks, before the date at which the period of office of the Senate then in being shall expire. At least six weeks' notice of the election shall be given to each member of Údarás na hOllscoile.

2. Each person whom it is proposed to elect to one of the four vacancies shall be nominated by a nomination paper, which shall be signed by two members of Údarás na hOllscoile and accompanied by the written consent of the candidate, and shall have been received by the Secretary of the University at least four weeks before the day appointed for the election meeting.

3. If at the expiration of the period for nomination the number of persons duly nominated shall not exceed four, then all the persons so nominated shall be deemed to have been duly elected, and at the aforesaid meeting they shall be declared by the Cathaoirleach thereof to have been elected accordingly.

4. If the number of persons who shall have been duly nominated shall be greater than four, there shall be a poll. At the poll, the votes shall be given by unsigned voting papers by the members of Údarás na hOllscoile present at the aforesaid meeting. A voting paper containing votes for fewer than four, or more than four, candidates shall be deemed invalid.

5. The four candidates who shall have obtained the greatest number of valid votes shall be deemed elected, provided that, if the candidates include at least one woman and at least one man, those four candidates include at least one woman and at least one man. If those four candidates do not include at least one woman and at least one man and the candidates include at least one woman and at least one man, the three candidates who shall have obtained the greatest number of valid votes and the female candidate or the male candidate, as the case may be, who shall have obtained the greatest number of valid votes shall be deemed elected.

6. In case there shall be an equality of votes for two or more candidates, and the number of candidates who shall have obtained a greater number of votes together with the number of candidates having an equality of votes is greater than four, the election, as between the candidates having such equality of votes, shall, subject to Section 5 of this Chapter, be determined by lot drawn by the Cathaoirleach at the aforesaid meeting.

7. If at the aforesaid meeting there shall not be the quorum prescribed, the election shall nevertheless be proceeded with, and shall be as valid as if such quorum were present.

8. When any person shall have been declared to have been duly elected by Údarás na hOllscoile to be a member of the Senate, the Secretary of the University shall forthwith notify the Registrar of the National University of Ireland accordingly.

9. In the event of the University's failing to elect within the prescribed time the full number of persons



* National University of Ireland Galway remains the legal name of the University; however, the University's trading name changed to University of Galway on September 1st, 2022

which it is entitled to elect, the vacancies which shall not have been filled shall be deemed to be casual vacancies.

10. Whenever a casual vacancy shall occur among the members of the Senate elected by the University, a meeting of Údarás na hOllscoile shall be held on a date appointed by the President which shall be not less than two months, nor more than three months, after receipt in writing by the Secretary of the University of notice thereof, for the purpose of electing a person to fill the vacancy:

    PROVIDED that the time so appointed shall not be in the months of July, August, or September, and if the day which would have been appointed for such meeting under this Section but for this proviso, would have fallen in any of these months, the time to be appointed for the meeting shall be some day in the month of October next ensuing.

11. Such election shall be held in the mode prescribed in this Chapter in respect of the election of persons upon the expiration of the period of office of an outgoing Senate.

12. The four persons elected as aforesaid shall hold office for the term of office of Údarás na hOllscoile then holding office, provided that a person elected to fill a casual vacancy shall hold office for the remainder of the term of office of the member whose ceasing to hold office occasioned the casual vacancy.

## CHAPTER II

Statute CCLXXV, Chapter II, Section 2 is hereby amended as follows:

1. Nothing herein contained shall affect any appointment made, right acquired or act done under any previous Statute of the University.

2. This Statute shall come into operation on the twenty sixth of October, Two Thousand and Twenty Two., and may be cited as Statute CCCLXXVIII, National University of Ireland, Galway, or Stat. CCCLXXVIII, Nat. Univ. of I., Galway.

Present when the Common
Seal of National University of
Ireland, Galway, was affixed hereto:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *President*
Caroline Loughnane, *Secretary for Governance & Academic Affairs*



* National University of Ireland Galway remains the legal name of the University; however, the University’s trading name changed to University of Galway on September 1st, 2022

## CAIBIDIL I

## COMHALTAÍ DE SHEANAD OLLSCOIL NA hÉIREANN A THOGHADH

Déantar Reacht CCLXXV, Caibidil I, Alt 2 - 13 a leasú leis seo trí na hAilt seo a leanas a chur in áit na nAlt thuasluaite:

1. Toghfar an ceathrar atá le toghadh ag an Ollscoil, de réir fhorálacha Alt 45 d'Acht na nOllscoileanna, 1997, ina gcomhaltaí de Sheanad Ollscoil na hÉireann ag cruinniú d'Údarás na hOllscoile ar dháta a cheapfaidh an tUachtarán, dáta nach mó ná ceithre seachtaine, agus nach lú ná dhá sheachtain, roimh an dáta ar a rachaidh tréimhse oifige an tSeanaid a bheas ann an uair sin in éag. Tabharfar fógra sé seachtaine ar a laghad i dtaobh an toghcháin do gach comhalta d'Údarás na hOllscoile.

2. Gach duine a bheartófar a thoghadh chun ceann de na ceithre fholúntas eile, ainmneofar é/í le páipéar ainmniúcháin, arna shíniú ag beirt chomhalta d'Údarás na hOllscoile agus a mbeidh toiliú an iarrthóra ag gabháil leis i scríbhinn, agus a bheidh faighte ag Rúnaí na hOllscoile ceithre seachtaine ar a laghad roimh dháta an toghcháin.

3. Más rud é, i ndeireadh na tréimhse le haghaidh ainmniúcháin, nach mó ná ceathrar líon na ndaoine a bheas ainmnithe go cuí, ansin measfar na daoine go léir a bheas ainmnithe amhlaidh a bheith tofa go cuí agus ag an gcruinniú réamhráite dearbhóidh Cathaoirleach an chruinnithe iad a bheith tofa dá réir sin.

4. Más mó ná ceathrar líon na ndaoine a bheas ainmnithe go cuí, beidh vótáil ann. Sa vótáil, tabharfar na vótaí trí pháipéir vótála neamhshínithe ó na comhaltaí d'Údarás na hOllscoile a bheas i láthair ag an gcruinniú réamhráite. Páipéar vótála a mbeidh vótaí do níos lú ná ceathrar, nó níos mó ná ceathrar, iarrthóirí ann, measfar ina vóta neamhbhailí é.

5. Measfar an ceathrar iarrthóirí a mbeidh an líon is mó vótaí bailí faighte acu a bheith tofa, ar choinníoll, i gcás go mbeidh bean amháin ar a laghad agus fear amháin ar a laghad ar na hiarrthóirí, go mbeidh bean amháin ar a laghad agus fear amháin ar a laghad ar an gceathrar iarrthóirí sin. Más amhlaidh nach mbeidh bean amháin ar a laghad agus fear amháin ar a laghad ar an gceathrar iarrthóirí sin agus go mbeidh bean amháin ar a laghad agus fear amháin ar a laghad ar na hiarrthóirí, measfar an triúr iarrthóirí a mbeidh an líon is mó vótaí bailí faighte acu agus an t-iarrthóir mná nó an t-iarrthóir fir, de réir mar bheidh, a mbeidh an líon is mó vótaí bailí faighte aici nó aige a bheith tofa.

6. I gcás comhoiread vótaí a bheith ag beirt iarrthóirí nó níos mó, agus líon na n-iarrthóirí a fuair vótaí i mbarr orthu sin, mar aon leis an líon a fuair comhoiread vótaí, a bheith níos mó ná ceathrar, cinnfear an toghadh, idir na hiarrthóirí a fuair comhoiread vótaí amhlaidh, faoi réir Alt 5 den Chaibidil seo, trí chrannchur a dhéanfaidh an Cathaoirleach ag an gcruinniú.

7. Más rud é ag an gcruinniú réamhráite nach mbeidh i láthair an córam atá leagtha síos, rachfar ar aghaidh ainneoin sin leis an toghchán agus beidh sé chomh bailí agus dá mbeadh an córam sin i láthair.

8. Nuair a dhearbhófar aon duine a bheith tofa go cuí ag Údarás na hOllscoile chun bheith ina c(h)omhalta den Seanad, tabharfaidh Rúnaí na hOllscoile fógra dá réir láithreach do Chláraitheoir Ollscoil na hÉireann.



* Ollscoil na hÉireann,Gaillimh / National University of Ireland, Galway an t-ainm dlíthiúil atá ar an Ollscoil i gcónaí; ach athraíodh ainm trádála na hOllscoile go hOllscoil na Gaillimhe / University of Galway an 1 Meán Fómhair 2022.

9. I gcás go mbeidh an Ollscoil gan líon iomlán na ndaoine a thoghadh a bheas sí i dteideal a thoghadh taobh istigh den aimsir ordaithe, measfar gur corrfholúntais na folúntais nach mbeidh líonta.

10. Aon uair a tharlós corrfholúntas i measc na gcomhaltaí den Seanad a bheas tofa ag an Ollscoil, tionólfar cruinniú d'Údarás na hOllscoile ar dháta, nach lú ná dhá mhí, agus nach mó ná trí mhí, tar éis do Rúnaí na hOllscoile fógra faoi sin a fháil i scríbhinn, dáta a cheapfaidh an tUachtarán, le duine a thoghadh leis an gcorrfholúntas a líonadh:

    AR CHOINNÍOLL nach i mí Iúil, i mí Lúnasa, ná i mí Mheán Fómhair a bheas an t-am a cheapfar amhlaidh, agus dá mba in aon mhí acu sin a thitfeadh an lá a cheapfaí don chruinniú sin faoin Alt seo, mura mbeadh an coinníoll seo i bhfeidhm, is lá éigin i mí Dheireadh Fómhair dár gcionn a cheapfar don chruinniú.

11. Déanfar an toghadh sin ar an modh atá leagtha síos sa Chaibidil seo i dtaca le daoine a thoghadh ar dhul in éag do thréimhse oifige Sheanaid a bheas ag dul as oifig.

12. Beidh an ceathrar a thoghfar mar atá réamhráite i seilbh oifige ar feadh thréimhse oifige Údarás na hOllscoile a bheas in oifig an uair sin, ar choinníoll go mbeidh duine a thoghfar le corrfholúntas a líonadh i seilbh oifige go ceann a mbeidh gan caitheamh de thréimhse oifige an chomhalta ar de thoradh é/í a stad de bheith i seilbh oifige a bheas an corrfholúntas tarlaithe.

**CAIBIDIL II**

Leasaítear leis seo Reacht CCLXXV, Caibidil II, Alt 2 mar seo a leanas:

1. Ní dhéanfaidh aon ní anseo difear d'aon cheapachán a rinneadh, d'aon cheart a fuarthas ná d'aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht den Ollscoil roimhe seo.

2. Tiocfaidh an Reacht seo i ngníomh an lá seo, an séú lá fichead déag de mhí Dheireadh Fómhair, Dhá Mhíle agus Fiche a Dó, agus féadfar Reacht CCCLXXVIII, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó R. CCCLXXVIII, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*



* Ollscoil na hÉireann,Gaillimh / National University of Ireland, Galway an t-ainm dlíthiúil atá ar an Ollscoil i gcónaí; ach athraíodh ainm trádála na hOllscoile go hOllscoil na Gaillimhe / University of Galway an 1 Meán Fómhair 2022.